
# Ráiteas Straitéise
2025 – 2027

10 YEARS

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# Brollach ón Rialálaí

**Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta formhaoirseacht neamhspleách ar oibriú agus ceadúnú an Chrannchuir Náisiúnta. Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faireachán agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh théarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais ag an Oibritheoir, chun a chinntiú go reáchtáiltear na cluichí agus na tarraingtí uile ar bhealach cothrom trédhearcach, agus go bhfuil cosaintí tábhachtacha i bhfeidhm acu do rannpháirtithe, sula n-uasmhéadaítear torthaí le haghaidh Dea-Chúiseanna in Éirinn.**



Tá sé tábhachtach leanúint le cur leis an ngrinnscrúdú méadaithe rialála, leis an tuairisciú sonraí agus leis na bearta feabhsaithe cosanta imreoirí a chuir an Oifig seo chun feidhme sa chéad leath den Cheadúnas 20 bliain chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú, rud a dhámh an Stát do Premier Lotteries Ireland DAC faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013.

Tá áthas orm, mar sin, an Ráiteas Straitéise seo a chur i láthair, ina leagtar amach ár dtosaíochtaí do na trí bliana atá le teacht. Breathnaímid chun cinn anois tar éis dúinn níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ag déanamh rialáil ar an gCrannchur Náisiúnta le linn tréimhse mórathraithe. Le linn na tréimhse sin, d’aistríomar go hoibritheoir príobháideach nuair a dámhadh an Ceadúnas sa bhliain 2014, baineadh paindéim dhomhanda dúinn, agus chuamar isteach sa ré dhigiteach, ina dtagann an t-eispéireas fisiciúil traidisiúnta leis an gCrannchur Náisiúnta laistigh den siopa le chéile le modhanna ar líne a sholáthraítear trí theicneolaíochtaí nua soghluaiste. Le linn an ama sin, ní raibh aon drogall ar an Rialálaí leas a bhaint as aon cheann de na cumhachtaí atá aige chun córas cuimsitheach formhaoirseachta rialála a fhorbairt agus a imscaradh.  Mar gheall ar an díriú gan staonadh a leagaimid ar leanaí agus cearrbhaigh fhadhbacha a chosaint, thugamar faoi bhearta cosanta breise a théann níos faide ná iad sin atá sonraithe sa Cheadúnas a dámhadh sa bhliain 2014. Tháinig fás bliantúil ar thorthaí le haghaidh Dea-Chúiseanna sa chéad chúig bliana den Cheadúnas, agus coinníodh iad ar bun ó shin i leith. Coinníodh an líonra miondíola ar bun agus leathnaíodh é, agus bhí sé freagrach as 84% de dhíolacháin sa bhliain 2023. Baineadh an méid sin ar fad amach trí chloí leis na cúig sprioc straitéiseacha shoiléire atá againn. Tá na spriocanna sin leagtha amach sa straitéis seo, agus buntacóidh siad lenár gcuid oibre arís eile sa tréimhse 2025-2027.

A bhuí leis an gcorp oibre sin, is féidir linn anois breathnú chun cinn agus breithniú a dhéanamh ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo don Chrannchur Náisiúnta agus don dóigh a rialáiltear é, bunaithe ar

chaidreamh leanúnach le geallsealbhóirí maidir leis an obair atá déanta ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta go dtí seo agus maidir leis na réimsí tábhachtacha ar cheart dúinn a bheith san airdeall orthu sna blianta atá le teacht.

Deimhníodh san aiseolas cuimsitheach a fuarthas ó gheallsealbhóirí go bhfuil fís, misean, spriocanna straitéiseacha agus luachanna Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta oiriúnach do chroíchuspóir an Rialálaí. Agus é dírithe ar an todhchaí, measadh éiteas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a bheith ríthábhachtach, toisc go leanann an teicneolaíocht agus iompraíocht tomhaltóirí de bheith ag athrú go tapa.

Dá réir sin, díreoimid sa tréimhse straitéise seo ar leas a bhaint as acmhainní digiteacha nua ar féidir leo tacú, ar bhealach cuí slán, le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a bheith éifeachtach agus éifeachtúil. Áirítear leis sin cur leis an gcumas atá ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faireachán a dhéanamh ar an bhfógraíocht agus an cur chun cinn ar líne a dhéanann an tOibritheoir. Leanfaimid le coinneáil cothrom le dáta le teicneolaíochtaí agus deiseanna nua crannchuir agus lena bheith san airdeall ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar dhlíthe nua maidir le seirbhísí digiteacha. Doimhneoimid ár gcaidreamh le rialálaithe crannchuir i ndlínsí eile ar mhaithe le ceachtanna a fhoghlaimítear sa réimse seo a chomhroinnt agus a chur i bhfeidhm.

Agus é de chúram uirthi an Crannchur Náisiúnta, ar sócmhainn luachmhar stáit í, agus cearta agus leasanna rannpháirtithe a chosaint, leanfaidh foireann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le cleachtais láidre chuntasaíochta agus rialachais a chur i bhfeidhm agus leis an Oibritheoir a chur faoi réir an chaighdeáin is airde is féidir maidir le cleachtais fhreagracha chearrbhachais. Cuirtear fáilte roimh nuálaíochtaí i gcás go gcinntíonn siad spéis leanúnach an phobail i gcluichí Crannchuir Náisiúnta a imirt agus nach méadaíonn siad na rioscaí do leas imreoirí.

Cé go leanann teicneolaíochtaí digiteacha le forbairt agus leis an líon modhanna imeartha a mhéadú, tá an Rialálaí an-eolach go fóill ar an ról bunúsach atá ag miondíoltóirí áitiúla maidir le staid reatha an Chrannchuir Náisiúnta agus maidir lena bhfuil i ndán dó sa todhchaí. Is mór ag imreoirí na miondíoltóirí sin go fóill, agus is iadsan a sholáthraíonn an 'nasc' fisiciúil laistigh de phobail ina gcistítear Dea-Chúiseanna trí dhíolacháin Chrannchuir Náisiúnta.

Chuir geallsealbhóirí fáilte roimh shuíomh Gréasáin nua Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, rud a seoladh sa bhliain 2023 chun tuilleadh faisnéise agus faisnéis níos fearr a sholáthar maidir le rialáil an Chrannchuir Náisiúnta agus maidir leis an dóigh a dtuilltear cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna agus maidir leis an dóigh a n-aistrítear na cistí sin chuig an Státchiste. Foilsíonn an Rialálaí mionsonraí faoi sháruithe ar an gCeadúnas ar bhealach tráthúil i ngach cás, agus chothaigh sé sin trédhearcacht maidir le rialáil an Chrannchuir Náisiúnta agus muinín as an rialáil sin.

Leanfaidh mé le dlúthchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí sa tréimhse straitéise trí bliana seo agus le hinfheictheacht na hoibre tábhachtaí a dhéanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a mhéadú chun leas an phobail. Trí fheasacht níos fearr a bheith ann ar cé chomh dlúth agus chomh dian agus a rialáiltear an Crannchur Náisiúnta, tacaítear le muinín an phobail as ár gCrannchur Náisiúnta, atá sábháilte agus dea-reáchtáilte. Ar an tslí sin, coimircítear an tsócmhainn náisiúnta ríthábhachtach sin anois agus coimirceofar í amach anseo araon.

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

# Buaicphointí ón gCéad 10 mbliana

**2014**

- Ceapadh an Chéad Rialálaí an 17 Samhain
- Chuir an tOibritheoir Nua tús le hoibríochtaí

**2015**

- Ceapadh foireann ghairmiúil
- Bunaíodh córais tuairiscithe rialála

**2016**

- Rinneadh imscrúdú ar rialuithe féintoirmisc
- Rinneadh athbhreithniú ar rialuithe frithchalaoise an Oibritheora

**2017**

- Cinneadh gur sháraigh an tOibritheoir an cód fógraíochta
- Cinneadh gur sháraigh an tOibritheoir na rialacha féintoirmisc

**2018**

- Rinneadh an chéad chleachtadh rúnsiopadóireachta faoi aois riamh
- Thug an tOibritheoir an beartas 'Smaoinigh 21' isteach mar fhreagra air sin
- Feidhmíodh cumhachtaí cosanta trádmharcanna in aghaidh tríú páirtithe

**2019**

- Cinneadh gur sháraigh an tOibritheoir na rialacha trádmharcanna
- Ordaíodh don Oibritheoir cluiche scríobchártaí a raibh duais ar iarraidh uaidh a tharraingt siar

**2020**

- Ceadaíodh próiseas éileamh cianda duaiseanna le linn na paindéime
- Eisíodh airgead stairiúil €16.1 milliún le haghaidh Dea-Chúiseanna
- Foilsíodh fiosrúchán ar scríobchártaí a raibh duaiseanna ar iarraidh uathu
- Bhain díolacháin an Chrannchuir Náisiúnta €1 billiún amach agus tugadh €270 milliún ar ais do Dhea-Chúiseanna

**2021**

- Áirithíodh fíorú aitheantais éigeantach ar líne
- Athbhreithníodh cumas TFC agus cibearchumas an Oibritheora

**2022**

- Seoladh suíomh Gréasáin nua chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag an bpobal ar chomhairle agus ar shonraí
- Ceadaíodh cluiche nua blianachta dar teideal *Eurodreams*, agus coimircí á gcur i bhfeidhm ina leith

**2023**

- Coinníodh €150,000 siar ón Oibritheoir mar gheall ar shárú
- Ceadaíodh oiriúnacht agus ionracas FDJ, úinéir nua an Oibritheora

**2024**

- Foilsíodh raon níos leithne de mhéadrachtaí feidhmíochta an Oibritheora
- Rinneadh an dara cleachtadh rúnsiopadóireachta faoi aois

# An Tréimhse 10 mBliana ina hUimhreacha

**Díolacháin Iomlána**
**€7,653.2m***

**Duaiseanna**
**€4,317.4m***

**Dea-Chúiseanna**
**€2,168.4m***

** Achoimrí ar fhigiúirí i gcuntais iniúchta Premier Lotteries Ireland DAC do na blianta airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019, 2020, 2021, 2022 agus 2023.*

# Fís

Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inchothaithe agus dea-reáchtáilte agus a uasmhéadaíonn cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna.

# Misean

**Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar oibriú an Chrannchuir Náisiúnta.**

**Faireachán a dhéanamh.**

**Forfheidhmiú.**

**Cosaint.**


Ár
Luachanna
NEAMHSPLEÁCHAS
Bheith oibiachtúil
agus neamhchlaonta
CAOMHNÓIREACHT
Gníomhú chun
leas an phobail
le hionracas
DÍRITHE
AR AN TODHCHAÍ
Eolas, scileanna agus
taithí atá ag teacht
chun cinn a nuáil
agus a chur i
bhfeidhm
CUNTASACHT
Sinn féin agus
daoine eile a choinneáil
cuntasach
GAIRMIÚLACHT
Ardchaighdeáin
chomhsheasmhacha
maidir le hiompar, le
hinniúlacht agus
le cúirtéis
MEAS A
THABHAIRT DÁR
NDAOINE
Meas agus
tacaíocht a
thabhairt dár
ndaoine
TRÉDHEARCACHT
Inár gcuid
cinnteoireachta
agus cumarsáide

# Spriocanna Straitéiseacha

## Sprioc Straitéiseach 1: Cuibheas

**Go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta leis an gcuibheas uile is cuí**

1. Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh a oibleagáidí ceadúnais ag an Oibritheoir.
2. Faireachán a dhéanamh ar ionracas na gcluichí.
3. Cuntasacht agus tuairisciú atá tráthúil agus trédhearcach a chinntiú.
4. A chinntiú go ndéantar bainistiú cruinn ar fháltais ó dhíolacháin ticéad trí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.
5. Seasamh le clú an Chrannchuir Náisiúnta.


Ceistíonn oifigigh de chuid Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta raon tuarascálacha tráthrialta seachtainiúla, míosúla, ráithiúla agus bliantúla ón Oibritheoir, agus déanann siad gníomh leantach ina leith. Cumhdaítear sna tuarascálacha sin cuntais an Oibritheora, méadrachtaí feidhmíochta, gearáin ó chustaiméirí, páipéir iniúchóireachta inmheánaí, duaiseanna neamhéilithe, agus cuid mhór nithe eile.

Ina theannta sin, déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a hathbhreithnithe téamaithe réamhghníomhacha féin, a seiceálacha féin ar tharraingtí, a himscrúduithe féin, agus a faireachas féin ar fhógraíocht agus ar na meáin shóisialta.

**Le linn na tréimhse straitéise seo, socrófar sain-athbhreithniú seachtrach ar ghné amháin de chórais agus rialuithe TFC an Oibritheora.**

Foilsíonn an Rialálaí mionsonraí faoi sháruithe ar an gCeadúnas ar bhealach tráthúil i ngach cás, chun trédhearcacht maidir le rialáil an Chrannchuir Náisiúnta agus muinín as an rialáil sin a chur chun cinn.

> *Is é ról an Rialálaí a chinntiú go n-oibrítear Crannchur Náisiúnta na hÉireann de réir an Achta, an Cheadúnais, agus na gCód Cleachtais, arb iad an creat dlíthiúil don Chrannchur Náisiúnta le chéile iad.*



## Sprioc Straitéiseach 2: Cosaint Imreoirí

### Go ndéanfar leasanna rannpháirtithe a chosaint

1. Cluichí agus tionscnaimh an Oibritheora a sheiceáil agus a cheadú agus comhlíonadh an Cheadúnais a sheiceáil.
2. Faireachán a dhéanamh ar a chruinne atá cumarsáid agus fógraíocht atá dírithe ar imreoirí.
3. Rialuithe an Oibritheora a thagarmharcáil in aghaidh an dea-chleachtais maidir le mionaoisigh a chosaint agus maidir le cearrbhachas fadhbach a chosc.
4. Faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas éileamh duaiseanna agus ar na bearta atá i bhfeidhm ag an Oibritheoir chun buaiteoirí a chur ar an eolas faoi dhuaiseanna neamhéilithe.

Cosnaíonn an Rialálaí leasanna imreoirí mar thomhaltóirí agus mar bhuaiteoirí agus ar an riosca a bhaineann le himirt iomarcach nó fhadhbach. Ní mór an fhaisnéis a sholáthraítear do rannpháirtithe a bheith trédhearcach agus inrochtana agus ní ceadmhach í a bheith míthreorach. Ní mór deis réasúnach a bheith ag buaiteoirí chun a nduais a éileamh, agus ní mór a n-anaithnideacht a chothabháil. Cé gur leis an bpobal i gcoitinne a bhaineann an obair chun imirt fhadhbach a chosc, tá an obair sin dírithe go háirithe orthu sin atá faoi aois (faoi bhun 18 mbliana d'aois) agus orthu sin ar cosúil go bhfuil siad ag gabháil d'imirt iomarcach nó fhadhbach.

**Sa tréimhse straitéise seo, leanfaidh an Rialálaí leis an Oibritheoir a chur faoi réir an chaighdeáin is airde is féidir maidir le cleachtais fhreagracha chearrbhachais, lena n-áirítear trí chleachtaí rúnsiopadóireachta a úsáid.** Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, beidh ar aon tionscnaimh nua nó ar aon teicneolaíochtaí nua a thabharfaidh an tOibritheoir isteach ráillí cuí cosanta a chur i bhfeidhm chun leasanna imreoirí a chosaint. Cé gur scrúdaíodh ar bhealaí éagsúla an úsáid a bhaineann an tOibritheoir as ardáin meán sóisialta agus as fógraíocht ar líne i gcoitinne agus gur cuireadh an úsáid sin faoi réir raon srianta breise, **féachfaidh an Rialálaí le cur leis an gcumas atá ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faireachán a dhéanamh ar an bhfógraíocht agus an cur chun cinn ar líne a dhéanann an tOibritheoir ar bhonn leanúnach tríd an teicneolaíocht**, agus forfheidhmeoidh sí an Cód Cleachtais um Fhógraíocht agus Cur Chun Cinn, nuair is gá.

> *Ceann amháin de chuspóirí an Rialálaí is ea go mbainfeadh imreoirí taitneamh as páirt a ghlacadh sa Chrannchur Náisiúnta ar bhealach sábháilte sláintiúil agus go seasfaí lena gcearta tomhaltóirí.*

## Sprioc Straitéiseach 3: Inchothaitheacht Fhadtréimhseach

### Déanfar inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint

1. Trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint.
2. Próifíl agus clú an Chrannchuir Náisiúnta a chothabháil agus a chosaint.
3. Faireachán a dhéanamh ar an infheistíocht leanúnach a dhéanann an tOibritheoir sa Chrannchur Náisiúnta.
4. Feasacht a chothabháil ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an gCrannchur Náisiúnta.
5. Feasacht an phobail a mhéadú ar an dóigh a rialáiltear an Crannchur Náisiúnta.

Bunaíodh an Crannchur Náisiúnta sa bhliain 1986 chun crannchur atá sábháilte agus dea-rialáilte a sholáthar agus chun tairbhe thánaisteach thábhachtach a bhaint amach, mar atá: cistí a ghiniúint le haghaidh Dea-Chúiseanna ar fud na tíre. Tá an Crannchur Náisiúnta faoi úinéireacht ag an Stát chun na críche sin.

Cuid de ról an Rialálaí is ea todhchaí fhadtréimhseach na sócmhainne luachmhaire Stáit sin a chosaint go ceann i bhfad tar éis théarma an cheadúnais reatha.

Is é atá i gceist leis sin feasacht a chothabháil ar theicneolaíochtaí agus deiseanna nua crannchuir, a bheith san airdeall ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus coinneáil cothrom le dáta le dlíthe nua agus le heolas tionscail maidir le seirbhísí digiteacha a sholáthar agus a rialáil. Cuirtear fáilte roimh nuálaíochtaí i gcás go gcinntíonn siad spéis leanúnach an phobail i gcluichí Crannchuir Náisiúnta a imirt agus nach méadaíonn siad na rioscaí do leas imreoirí. Is é cuspóir an Rialálaí go mbeidh bearta cuí i bhfeidhm chun an Crannchur Náisiúnta agus imreoirí a chosaint ar úsáid mhí-oiriúnach teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear intleacht shaorga, agus ar chibirionsaithe.

Bíonn sé ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí go dtuigfeadh an pobal i gcoitinne cé chomh dlúth agus chomh dian agus a rialáiltear an Crannchur Náisiúnta. Tá fás ollmhór tagtha ar chearrbhachas ar líne in Éirinn le deich mbliana nó le cúig bliana déag anuas. De réir mar a bhogann an Stát i dtreo an tionscal sin a rialáil den chéad uair riamh, agus an tÚdarás Rialála Cearrbhachais le bunú sa bhliain 2025, tá sé ríthábhachtach go ndearbhófaí d'imreoirí Crannchuir Náisiúnta agus don phobal i gcoitinne go bhfuil an Crannchur Náisiúnta á rialáil go dian le breis agus deich mbliana anuas.

**Sa tréimhse straitéise seo, mar sin, cuirfidh an Rialálaí feabhas ar chumarsáid le geallsealbhóirí, agus méadóidh sí infheictheacht na hoibre a dhéanann a hOifig trí dheiseanna cuí caidrimh.**

Chomh maith leis sin, féachfaidh an Rialálaí lena chinntiú, de réir mar a thosaíonn tuilleadh imreoirí ag imirt an Chrannchuir Náisiúnta ar líne, go leanfar le tacaíocht a thabhairt do mhiondíoltóirí áitiúla sa ról lárnach atá acu maidir lena bhfuil i ndán don Chrannchur Náisiúnta.

> *Dámhadh an Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú ar feadh 20 bliain dar tosach Samhain 2014. Baineann an sprioc seo le todhchaí agus luach an Chrannchuir Náisiúnta a choimirciú go ceann i bhfad tar éis théarma an Cheadúnais.*

## Sprioc Straitéiseach 4: Cistí Dea-Chúiseanna

### Go mbeidh cistí Dea-Chúiseanna chomh mór agus is féidir i dtimpeallacht shábháilte rialáilte

1. Cabhrú le Cistí a chruinniú le haghaidh Dea-Chúiseanna, i gcomhréir le Cuibheas, le Cosaint Imreoirí agus le hInchothaitheacht Fhadtréimhseach.
2. Faireachán agus anailís a dhéanamh ar an gceangal idir díolacháin agus cistí Dea-Chúiseanna.
3. Tuairisciú tráthúil, cruinn agus trédhearcach a sholáthar ar na méideanna a chruinnítear le haghaidh Dea-Chúiseanna.
4. A chinntiú go n-aistrítear cistí Dea-Chúiseanna go tráthúil chuig an Státchiste.
5. A chinntiú go gcuireann an tOibritheoir an Crannchur Náisiúnta chun cinn go cuí.

Foráiltear leis an tsamhail airgeadais sa Cheadúnas go dtarlaíonn sé, tar éis airgead duaise a leithdháileadh ar imreoirí, go bhfaigheann Dea-Chúiseanna an sciar is mó d'fháltais ó dhíolacháin thicéid an Chrannchuir Náisiúnta (65% de dhíolacháin lúide duaiseanna). Is é an tOibritheoir a thabhaíonn an costas a bhaineann le cluichí Crannchuir Náisiúnta a oibriú, agus faigheann sé an méid a bhíonn fágtha tar éis airgead le haghaidh Dea-Chúiseanna, tobhach an Rialálaí agus coimisiúin do bhreis agus 5,000 miondíoltóir a asbhaint. Leis an tsamhail, dreasaítear an tOibritheoir cistí a uasmhéadú le haghaidh Dea-Chúiseanna.

**Nuair a uasmhéadaítear na cistí a chruinnítear le haghaidh Dea-Chúiseanna ó dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta, méadaítear an líon tionscadal, saoráidí agus gníomhaíochtaí a bheidh ar fáil do mhuintir na hÉireann.** Beag beann ar an sprioc sin, tugtar tús áite i gcónaí dá chinntiú go leanfaidh Crannchur Náisiúnta atá sábháilte agus dea-reáchtáilte ar aghaidh sa todhchaí. **I ngach cás, tugann an Rialálaí tosaíocht do leasanna imreoirí agus do chlú fadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta, agus ní do ghnóthachain airgeadais ghearrthréimhseacha.**

> *Úsáidtear na torthaí ó dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta chun tionscadail, saoráidí agus gníomhaíochtaí a chistiú chun na gcríoch seo a leanas: spórt agus áineas; cultúr agus oidhreacht náisiúnta, an Ghaeilge san áireamh; na healaíona; sláinte an phobail; an óige, leas, agus taitneamhachtaí; agus an timpeallacht nádúrtha.*



## Sprioc Straitéiseach 5: Rialachas

### Go mbainfidh rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an caighdeán is airde is féidir amach

1. Oibleagáidí dlí agus oibleagáidí rialachais earnála poiblí a chomhlíonadh go tráthúil.
2. Córas láidir rialuithe inmheánacha a chothabháil do gach oibríocht.
3. Leas a bhaint as acmhainní digiteacha nua ar bhealach slán.
4. Timpeallacht thacúil oibre a sholáthar do bhaill foirne.
5. Acmhainní airgeadais a úsáid ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Is dóichí go mbainfear fís agus spriocanna straitéiseacha an Rialálaí amach más rud é go ndéanfar Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a rialú agus a bhainistiú go maith agus go dtarlóidh sé sin laistigh de chultúr a thacaíonn leis na spriocanna sin.

Tá sé tábhachtach go mbeadh acmhainní cuí fisiciúla, daonna agus digiteacha i bhfeidhm chun cur chun feidhme rathúil na straitéise a chinntiú ar bhealach tráthúil, agus an éifeacht inmhianaithe á gnóthú. Maidir leis an imscaradh acmhainní airgeadais chun é sin a dhéanamh, rialófar é trí rialuithe inmheánacha láidre lena mbainfear luach ar airgead amach agus lena gcomhlíonfar rialacha agus spriocanna earnála poiblí.

**Sa tréimhse straitéise seo, díreoidh an Rialálaí ar leas a bhaint as acmhainní digiteacha nua ar féidir leo tacú, ar bhealach cuí slán, le húsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as acmhainní foriomlána Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.**

> *Tá sé tábhachtach go mbainfeadh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leas as a cuid acmhainní ar shlí a dtacaíonn go héifeachtach agus go héifeachtúil le cur chun feidhme rathúil na straitéise. Tá sé tábhachtach an tráth céanna go gcloífimis leis na hardchaighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh phoiblí.*



# Acmhainní

## Acmhainní Airgeadais

Cistítear Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le tobhach a ghearrtar ar ioncam Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta thar 20 bliain an Cheadúnais. Sa Cheadúnas, socraítear an tobhach sin ag €1,500,000 don chéad bhliain oibríochtaí, agus innéacsaítear é leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí gach bliain ina dhiaidh sin.  B'ionann an tobhach don bhliain 2025 agus €1,817,100.


I bhfianaise chineál seasta chistiú na hOifige (nach bhfuil faoi réir ach athruithe ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí), glacann an Rialálaí cur chuige ilbhliantúil stuama i leith buiséadú, chun a chinntiú, a mhéid is mó is féidir, go mbíonn dóthain cistí i bhfeidhm chun freastal ar chostais intuartha, e.g., méadú ar chostais foirne agus áitribh agus mórthionscadail ócáideacha taighde, mar aon le costais neamh-intuartha amach anseo, e.g., costais dlí eisceachtúla.

## Pearsanra agus Comhairleoirí

Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh an Rialálaí, le toiliú an Aire, líon, grádú, luach saothair agus coinníollacha seirbhíse eile na foirne a bheidh le ceapadh chun Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a chinneadh agus go bhféadfaidh an Rialálaí, ó am go ham, cibé comhairleoirí a fhostú a mheasfar is gá chun cuidiú le feidhmeanna an Rialálaí a chomhall.

Faigheann an Rialálaí cabhair le linn di a freagrachtaí a chomhlíonadh ó dheichniúr ball foirne buan, a bhfuil saineolas agus taithí acu ar an gcuntasaíocht, ar an iniúchóireacht, ar an dlí, ar an tsíceolaíocht, ar an taighde, ar an rialachas, ar an gcomhlíonadh, ar an riarachán earnála poiblí agus ar an gcumarsáid. Mar a léirítear sa chairt eagraíochta, tá na hacmhainní foirne a chuirtear i bhfeidhm i leith gach réimse d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta deartha chun a chinntiú go sealbhaíonn gach ceann d'fheidhmeanna agus de chuspóirí an Rialálaí acmhainní tiomnaithe ar leibhéal sinsearach. Cuirtear saineolaithe seachtracha leis na hacmhainní sin - go háirithe sna réimsí seirbhísí dlí, TFC, taighde margaidh, airgeadais/cuntasaíochta agus cumarsáide - chun forléargas cuimsitheach a sholáthar ar an Oibritheoir agus chun na caighdeáin is airde agus cinnteoireacht eolach a chinntiú.

## Cairt Eagraíochta



# Aguisín: Cearta an Duine agus Comhionannas

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar oibleagáidí áirithe ar chomhlachtaí poiblí i ndáil le saincheisteanna maidir le cearta an duine agus le comhionannas. Cruthaítear leis an Acht “Dualgas Earnála Poiblí”, lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag baill foirne agus ag na daoine sin dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint.

Oibríonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar fhostóir, agus déileálann sí le fiosruithe agus gearáin ó rannpháirtithe i gcluichí Crannchuir Náisiúnta agus ó dhaoine den phobal. An tráth céanna, idirghníomhaíonn sí le daoine aonair in Premier Lotteries Ireland (Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta), leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, le soláthraithe seirbhíse, leis na meáin, agus le páirtithe leasmhara eile.

Tá beartais chuimsitheacha i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun deireadh a chur le hidirdhealú, chun comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn, agus chun cearta an duine atá ag baill foirne na hOifige agus ag na daoine sin dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint. Maidir leis na gníomhartha a sainaithníodh lena ndéanamh le linn thréimhse an Ráitis Straitéise roimhe idir na blianta 2022 agus 2024, cuireadh iad go léir chun feidhme laistigh den tréimhse trí bliana sin.

Sainaithníodh gníomhartha breise lena ndéanamh le linn thréimhse trí bliana na Straitéise seo mar dheiseanna chun an tuiscint ar “chomhionannas” a dhoimhniú laistigh den eagraíocht ar bhealach a théann níos faide ná an leibhéal a baineadh amach sa tréimhse straitéise roimhe. Rud sonrach:

- **Gheobhaidh gach ball foirne sainoiliúint chomhchoiteann ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i rith na bliana 2025;**

- **Gheobhaidh baill foirne a fhreagraíonn an phríomhlíne theileafóin oifige oiliúint freisin ar conas is fearr is féidir cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil míchumas ceilte orthu nó a bhfuil bacainn cumarsáide rompu agus a dteastaíonn am breise agus tuiscint bhreise uathu nuair a dhéanann siad teagmháil le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.**

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

5 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1, D01 X8N7
5 George’s Dock, I.F.S.C., Dublin 1, D01 X8N7
+353 (1) 872 7932 | info@rnl.ie | www.rnl.ie